


Biseach

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE



San Eagrán seo:

Mícheál Breathnach
Ar Chiumhais na Coille
Oscailt na Páirce

Dumhach na Leanbh
Amhrán Mhuighnise
Reilg Chois Fharraige



Cabhair is cairdiúlacht i gcursaí airgid.

Más é sin atá ag teastáil uait, buail isteach sa bhainse de Bhanc na hÉireann is cógaráí duit. Gheobhaidh tú chuile chabhair, is fáilte gheal. Banc na hÉireann. Beir bua i gcursaí baincéireachta.



Banc na hÉireann

An banc le do linn

Biseach

Lúnasa 1981

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Praghas 50p

////// MÍCHEÁL BREATHNACH //////////////////////////////////

Tá leacht le nochtadh i mbliana ar láthair an tí, san áit ar rugadh Mike Mhicil Teada nó Mícheál Breathnach. Chuala mé caint ar Mícheál Breathnach ó bhí mé 'mo ghasúr óg ag muintir mo bhaile féin, baile fearainn an Locháin Bhig. Ní iontas mór é sin mar rugadh Mícheál ar an Lochán Beag, tuairim is chúig mhíle déag as Gaillimh, siar bóthar Chois Fharraige, ar an 16ú lá de Mheán Fómhair, 1881. Micil Teada a tugadh ar a athair agus Saile Ní Fhinneadh ar a mháthair. B'as an gceantar seo an bheirt acu.

Chaith Micil Teada tamall i Meiriocá ach is sa mbaile a phós sé. Ag plé le cladach agus garraí a chaith sé a shaol cosúil le chuile dhuine eile sa gceantar. Bhí ceathrar dearthár ag Mícheál — Patch, Seán, Cól, Joe agus ceathrar deirfiúr — Saile, Máire, Bríd agus Nóra. Ní mhaireann duine acu seo anois. Tá cuid dá sliocht sa gceantar — Paddy Mhatt Mac an Iomaire, as Cor na Rón, agus Pádraig Sheáinín Ó Tuairisg as an Lochán Beag.

Chuaigh Mícheál chuig Scoil Náisiúnta an Chnoic, Scoil Sailearna. Chaith sé chúig bliana déag sa scoil seo, na chúig bhliana deireannacha mar "Mhonitor" nó múinteoir cúnta.

Nuair a bhí sé ag obair mar mhonitor chuir sé fios ar leabhra go Bleá Cliath. Nuair a tháinig siad bhí páipéar timpeall orthu ar a raibh teanga aisteach mar a cheap Mícheál. Chuir sé ceist ar an múinteoir Mícheál Ó Maicín ar Gearmáinis, Gréigis nó Arabais í an teanga sin. Dúirt Ó Maicín gur Gaeilge í.

D'fhoghlaim Mícheál go díograiseach lena scríobh agus a léamh. Trí bliana ina dhiaidh sin ar an 29ú lá d'Iúil 1901 chuir sé isteach ar phost mar Rúnaí i gConradh na Gaeilge i Londain. Ar an 29ú lá de Mheán Fómhair 1901 d'imigh sé mar a thug sé féin níos deireanaí air, go "Cathair an Cheo".

I Londain bhí sé ag obair ag an gConradh ar

CLÚDACH: Leacht cuimhneacháin Mhíchil Bhreathnaigh.

feadh an lae. Bhíodh sé ag múineadh Gaeilge san oíche. Chomh maith leis sin, feicimid ó thuairiscí as Londain ar an gClaidheamh Solais go mbíodh sé ag glacadh páirt i ndrámáí, i gcoirmeacha ceoil, agus ag tabhairt léachtanna ar fud na cathrach. Deir Liam P. Ó Riain linn gur múinteoir, seanchaí, drámadóir, amhránaí, scéalaí, aithriseoir agus óráidí é Mícheál Breathnach.

Tar éis an méid sin ar fad bheith déanta aige bhíodh sé ina shuí go dtí an trí agus an ceathair ar maidin ag scríobh "Stair na hÉireann".

Sa mbliain 1905 fuair sé droch-bhabhta fliú. Ceapadh nach mairfeadh sé. Mhol na dochtúirí dhó tamall a chaitheamh ag Bournemouth — "Cois Fharraige Shasana" mar a thug sé féin air.

An Samhradh sin bunaíodh Coláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh agus toghadh Mícheál mar Ard-Ollamh. Bhí Fraincis, Gearmáinis, Laidin agus beagán Rúisise ar eolas aige faoi seo. Chaith sé trí mhí sa mBeilg, sa bhFrainc agus sa nGearmáin ag déanamh staidéir ar mhodh múinte dhá-theangachas.

Chaith sé tamall san Eilbhéis i rith an Gheimhridh 1905/06 mar gheall ar a shláinte. Anseo a chríochnaigh sé an t-aistriúchán ar "Cnoc na nGabha". Sa mbliain 1906 fuair Mícheál post mar mhúinteoir Gaeilge i gColáiste Iarfhlaitha i dTuaim ach chlis a shláinte arís air agus thug sé an Eilbhéis air féin.

Tar éis sé mhí a chaitheamh ansin tháinig sé ar ais go Coláiste Chonnacht. Is cosúil go raibh a fhios aige nach mairfeadh sé i bhfad eile. Lá amháin ag bádóireacht ar Loch Measca lena chara Tomás Mac Domhnaill bhí Tomás ag caint faoi lá bainse an Bhreathnaigh. Dúirt Mícheál "Ní sheinnfear aon cheol pósta dhomsa go deo — ach ceol caointe mo bháis". Chum agus chas Tomás ceol a bháis do Mícheál ar an bpíob mhór ar Loch Measca an lá sin.

An lá céanna dúirt Mícheál "Thoghas féin m'uaigh tá dhá bhliain ó shin. Tá sé faoi

thaithneamh na gréine ó dheas, ar ardán álainn sa gCnoc, ar thaobh na farraige. Is aoibhinn liom bheith sínte in aice na trá, an áit a mbéad ag éisteacht go Lá an Luain le ologón na dtonn agus caoincheol brónach na mara”.

A Shaothar

Níl sé éasca a dhéanamh amach go cruinn céard a scríobh Mícheál mar cosúil le chuile Ghaeilgeoir eile ag tús an chéid seo bhain sé an-úsáid as ainmneacha cleite — Cois Fharraige, an Matal, an Sruthán Buí, Tulach a' Leathair, Bun a' tSrutha, agus mar sin. B'fhéidir nár scríobh sé cuimse mór ach níor thosaigh sé go dtí go raibh sé bliain agus fiche agus fuair sé bás nuair a bhí sé seacht mbliana fichead, feictear dom gur mór a rinne sé.

Scríobh sé “Stair na hÉireann” i Londain. Tá trí chuid sa leabhar seo. Séard a chuir sé faoi inseacht scéalaíochtúil a thabhairt ar stair na hÉireann a bheadh feiliúnach do ghasúir scoile. Ní thugann sé a chuid foinnsí eolais dúinn taobh amuigh de “Foras Feasa ar Éirinn”. Is dóigh gurbh é seo an chéad leabhar staire a scríobhadh i nGaeilge go bhféadfadh páistí scoile é a úsáid agus ceapaim go mbeadh sé spéisiúil so-léite dóibh.


Bhí an-mheas ag Mícheál ar Charles Kickham agus seo ceann de na fáthanna ar aistrigh sé “Knocknagow” go Gaeilge. Thaithnigh an scéal leis freisin. Dúirt Mícheál i Réamhrá “Cnoc na nGabha” “Ba mhaith liom é a bheith cosúil le scéal Gaeilge as an nua, agus craiceann agus snas na Gaeilge a bheith air”.

Fanann sé an-ghar ar fad don leagan Béarla i dtús an leabhair ach ina dhiaidh sin féin níl aon Bhéarlachas aige, m.sh., “The kettle was just beginning to join its song to the song of the old linnet” go “Bhí an túlán ag cur a chraicinn de ar an tine”.

Tá Gaeilge Chois Fharraige na linne go soiléir ann — “Baineann sé as 'sna fásgaí”, “de mhaol a mhainge”, “dheamhán steár aige”, “céroch bean atáir a fháil” agus foclaí mar geampa, seaneire, spallaíocht, splíontaíocht, ciomach, spreangaide aige go fairsing.

Ag deireadh an leabhair cheapfá go raibh Mícheál ag éirí tuirseach den aistriúchán mar fágann sé go leor línte den leagan Béarla ar lár cé nach mbaineann siad ón scéal féin. Tugann Pádraig Mac Piarais moladh dó faoin aistriúchán seo.

Sé “Seilg Imeach na nAlp” an obair is mó a bhfuil trácht air ó Mícheál Breathnach. Foilsíodh é ar dtús ar an gClaidheamh Solais — ón 16ú Feabhra



Mícheál Breathnach

1907 go dtí an 13ú Aibreán 1907. Is cur síos é ar aon lá amháin a chaith Mícheál imeasc na nAlp. Cuireann sé síos ar na daoine a bhí ann, na rásaí ar an sneachta, na traincars agus na bob-sleigs. Tá an-chur síos aige ar an sneachta agus na cineálacha daoine a bhí bailithe le chéile.

“Bhí daoine móra ann agus daoine beaga ann, daoine ramhra agus daoine caite, daigéid theanna agus séaclaí claoite, béinneacha sé troithe go leith agus feithidí beaga bídeacha” agus mar sin de.

Bhí an leabhrán seo ar chlár na scoileanna náisiúnta sa gceantar ar feadh i bhfad. B'fhiú go mór do óige na háite é a léamh.

Taobh amuigh den Chlaidheamh Solais is mó a scríobh Mícheál ar an gConnachtach (iris mhíosúil a foilsíodh in Áth Luain ó Iúil 1907 go Bealtaine 1908) ná in aon iris eile. Tá mé beagnach cinnte go mba é Mícheál eagarthóir na hirise seo cé nach bhfuil sé ráite in aon áit. Ba iris dhá-theangach í a bhí ag plé le ábhair mar fhilíocht, oideachas, imirce, litríocht, tionsclaíocht, stair, cúrsaí reatha agus mar sin. Scríobh sé na heagarfhocail i nGaeilge agus seans maith i mBéarla freisin. Cháin sé an t-ól go mór. Chum sé píosa filíochta faoi, “Cumann Cosgtha an Óil”.

Tugann sé comhairle do mhúinteoirí agus do scríbhneoirí san iris seo. Molann sé do scríbhneoirí

a stíl féin a thoghadh agus gan a bheith ag aithris ar aon duine eile.

Dúirt sé nár thuig agus nach dtuigfidh Sasana cás na hÉireann go deo. “Ní bhainfear uaidh (Sean Buí) ach an rud nach féidir leis a dhiúltú”. Thuig sé go gcaithfí troid a dhéanamh ar son na tíre. Dúirt sé le Tomás Mac Domhnaill “Ní fhulaingeoidh na Gaeil an sclábhaíocht seo i gcónaí. Beidh ár agus cogadh in Éirinn arís”. Dúirt sé go gcaithfeadh Gaeil a bheith réidh le haghaidh an lae sin.

In *Irisleabhar na Gaeilge* agus an *Claidheamh Solais* tá píosaí aige faoi imirce, ceist na talún, Cogadh na mBoer agus píosaí seanchais agus scéalta.

Scríobh Mícheál filíocht freisin, an chuid is mó de ba píosaí bolscaireachta a bhí ann faoin nGaeilge agus faoi Éirinn. Tá eolas maith i gCois Fharraige ar “An Deoraí”.

“Mo chrá go n-éagfadh nach bhfuil mé in Éirinn”
“Ar bhánta féarach Oileán na Saoi”.

Scríobh sé píosa “Paidir na Máthar” faoi mháthair ag féachaint ar a leanbh óg, píosa faoi chara leis a bhris a chois i Sráid na Cathrach. Scríobh sé píosaí freisin faoi mhuintir a áite féin ach tá siad sin caillte anois. Tháinig an-fheabhas ar a chuid filíochta de réir a chéile. Is fearr go mór na píosaí pearsanta ná na píosaí bolscaireachta.

Mar sin is mór a rinne sé i gcúig nó sé de bhlianta. Ba scríbhneoir próis, stairí, bolscaire, múinteoir, aistritheoir, óráidí, aisteoir agus file é Mícheál Breathnach. Creidim nach raibh sé ach ag luí isteach ar cheird na scríbhneoireachta nuair a sciobadh chun siúil é.

Dúirt Pádraic Mac Piarais faoi taréis a bháis “Such patience. Such gentleness, combined with such firmness. Such eloquent variety of intonation. Such skilful mimicry. Such absolute mastery over all the teacher's art were his, that to be taught by him or to see him teach was in itself a training in all that is teaching ‘ideal and method’”.

Tá scríbhneoireacht Mhíchíl an-bhinn, an-deas, an-éadrom. Tá leaganacha cainte an-bhreá, an-nádúrtha aige. Tá an-tabhairt faoi deara agus grinneas ann. Ach níl an gearradh céanna, níl an scrúdú céanna ar intinn an duine, níl an leithneacht céanna téarmaí aige agus atá mar shampla ag Pádraig Ó Conaire, ach fuair Pádraig seans chun forbairt a dhéanamh, ní bhfuair Mícheál.

Ruaidhrí Ó Tuairisg

CAOINEADH MHÍCHÍL BHREATHNAIGH

*A Mhíchíl Bhreathnaigh, a chara dhílis,
Nach é an trua thú a dhul faoin bhfód.
Fear a bhí chomh measúil leat i lár na ndaoine,
Agus a fheabhas is dhéanfá rince is spóirt.*

*Shiúil tú Sasana is an Fhrainc thart timpeall,
Ag coinneáil na Seóiníní brúite fút,
Ach 'sí Éire gheanúil a bhris do chroíse,
Mar bhís go cinnte i do Ghael mór.*

*Chaill muid cara maith anois tá mé cinnte,
A bhíodh ar thúis na ndaoine ins gach baile mór,
Sé Mícheál Breathnach atá mé a' chaoineadh,
Is a Dhia cén t-íonadh mé a bheith faoi bhrón.*

*Anseo i gCois Fharraige sea a tógadh Mícheál,
Nach é an trua anois nach bhfuil sé beo,
Is a fheabhas is a throidfeadh sé ar son na tíre,
Is choinneódh sé an Chraoibhinn suas go deo.*

*Is i mbaile an Locháin Bhig sea ata'a mhuintir,
Tá a chuid deirfiúracha ann is iad faoi bhrón,
Tá a athair is a mháthair ann gach lá dhá chaoineadh
Ach beannacht Íosa le Mícheál Óg.*

*D'fhág sé an baile uainn le toil a ghaolta,
Is chuaigh sé anonn go Londain Mhór,
Mar shiúil is go ruaigfeadh sé Cineál Sheáin Bhuí as,
Mar b'olc iad a ndlíthe, mo chreach is mo bhrón.*

*Níor shiúil sé an talamh seo fear ní b'íontaí,
Ná a bhí chomh h-intliúil le Mícheál Óg,
Ach tháinig an bás air, céad faraoir dílis,
Agus aireoidh an tír seo é dhul faoin bhfód.*

*Ach anois a cháirde guígí le Mícheál bocht,
Mar bhí sé cinnte ina Ghael Mór,
Is fuair sé meas ins chuile thaobh tíre,
Agus go dtuga Íosa na grástaí dhó.*

Cóil Learaí Ó Feinneadha

Ba mhaith liom a chur in iúl nach tada de mo shaothar féin an píosa seo níos airde ná é a scríobh síos. Sé m'athair a chum é díreach tar éis bás Mhíchíl Bhreathnaigh. Ba colceathrar do Mhíchéal é agus cé go raibh cúig nó sé de bhlianta aoise ag Mícheál air, bhíodar ag éirí aníos in éineacht, iad

fíor cheanúil ar a chéile agus dílis dá réir nó gur chuir an gruagach gránna an bás eatorra.

Bhí an píosa seo, sílim, ar an gcéad phíosa a cumadh tar éis bháis Mhíchíl agus tá sé brónach. Ní hionadh gur ghoill bás Mhíchíl go smior is go smúsach ar m'athair mar gur chaill sé mar adeir sé féin, cara dílis.

Solas síorraí agus suaimhneas na bhFlaitheas go raibh aige.

EAS

*An t-eas ba dheise dá bhfaca mé riamh
Is é ag sníomh síos an sliabh
Ba bhreá liom fanacht ag breathnú ar feadh an lae.
Ach bhí orm dul abhaile le haghaidh an lae.
Ba bhreá liom codladh ann ó oíche go hoíche.
Is mé ag breathnú ar an eas sin choíche,
Nuair a dhúiseoinn ar maidin, 'bheith ag éisteacht leis fós,
Is é ag déanamh torann mar pháistí i gclós.*

*Aoife Ní Mhuirí, (10 mbliana)
Cré Dhubh.*



GAIRMSCOIL CHOLM CILLE 1956

Grúpa scoláirí agus múinteoirí de chuid Ghairmscoil Cholm Cille 1956. Ina suí i lár chun tosaigh tá Mícheál Mac Aodha, an Príomh-Oide agus Beirmí Bhreathnach, Múinteoir Tís.

Ar chiumhais na coille



An tAth. Máirtín Ó Loideáin, O.C.D.

Ar chiumhais na coille i gceann thóir an pharáiste a rugadh mé agus mo mhuintir romham. Ansiúd a tháinig mé in inmhe. Ionad mar sin ar bhruach abhann, le taobh coille, ar cholbhú sléibhe, téann sé i gcionn ort i ngan fhios duit más óg nó aosta tú. Bhí bochtanas ann agus géar-chall agus anró — cá bhfuil an áit ón ngeal-chathair siar nach raibh amhlaidh an tráth úd? Ach bhí follántas ann — aer úr na farraige ag déanamh a bhealaigh chun an tsléibhe agus leoithne anuas ó na tamhnaí ag castáil air ag Aill na Groigh ag béal an dorais againn, nó sin mar a cheapas. Éalaíonn torann agus diamhaireacht as coill. Áit aduain í. An cruthú, an beo, agus an bás ag carraíocht agus ag coimhlint le chéile inti ó éirí go fuineadh gréine. Géagáin na gcrann ag lubarnaíl faoi threifid an dúlra a chuireann beocht agus bíogacht iontu ó phréimh go duilleog. Scréach scáfar na corr-éisce agus é ar a theitheadh ón madra crainn, tafann giortach an tsionnaigh ag mealladh chuige a chéile, meábhail na gcat fiáin a bhfuil scéin iontu le dúil sa gcreach a mbeidh a gcrúba ann gan mhoill — sin agus na céadta corr agus mothú eile a ghníós áit bheo aduain de choill agus a chuaigh go minic idir mé agus néal. Thuigeas go hóg nuair a bhíodh athrú aimsire air: an raibh ceo ar an abhainn nó ar an sliabh; an raibh tóchar an chlárín glórach doicheallach; an raibh an faoileán ag teannadh amach go hOgúil agus go Loch Coirib; an dtáinig tuirse ar an smólach agus an ndeachaigh sé fhéin agus an chéirseach ina dtost le duifeann nó go bhfillle grian agus teas arís?

Bhí an choill chéanna foircthe le seanchas. Ag Clais Ruaidí Sáibhéara a gearradh na crainnte a chuir ceann agus doirse ar chuid mhaith tithe i

gCois Fharraige tá céad bliain agus tuilleadh ó shin ann. Aisti freisin a tháinig ábhar conra sular déanadh ar Ghaillimh soir le ornáid agus prás a ghreamú de chaoil-leaba an mharbháin.

Chonaiceas muintir Inis Meáin gona mbróga úrleathair ag baint glúnta currach sa gcoill sin againne agus gan ionam ach malrach. Thagadh muintir Dhuibhlinn as Contae an Chláir — na Muimhnigh a tugadh orthu — ag baint maidí rámha téagaracha a bhéarfadh dúshlán an lae mhóir amach ó Cheann Bóirne idir an mór-thír agus Inis Oirthear. Gaeilge a chloisfinn acu sin fré chéile agus ag muintir Bhaile Uí bhFiacháin chomh maith tráth a dtagaidís go dtí Céibh an Spidéil; thagadh cheana corr-uair, ag ceannacht móna nó máithreach uan.

I bParáiste an Chnoic a baisteadh mé. Is ann a chuas faoi láimh an easpaig freisin. Sin a raibh de bhaint agam leis. Sa Spidéal a chuas ar scoil, ar Aifreann, ar aonach, agus eile. Ins na bailte fearainn thart air — ón gCré Dhubh soir, abair — a bhí cáirde m'óige. Abair go raibh leathchois liom thar abhainn soir, mé i mo chineál Rí Séamas le leath-chois gallda agus leath-chois Gaelach. Sin tomhais oraibh cén chois a bhain leis an taobh thiar?

Ar an Áth Lín agus ó theach pobail an Chnoic a déanadh gach corp ón taobh s'againne a chur faoin bhfód i gCré na Cille. Thiar ansiúd atáid ag fuireacht leis an Aiséirí gidh gur i sean-reilig Chill Éinde sa Spidéal a hadhlacadh mo shean mhuintir. Shiúileas anuas an Bhuaille Árd agus thar Chloch na Scíthe le mo shean-mháthair, coiscéim fhada na trócaire, in aois seacht mbliana dom.

As an gcoill mhór agus a bhfuil thart uirthi agus sa seanchas atá ag brúctaíl aníos astu a fuinneadh

agus a fáisceadh mise. Áit don smaointeoir, don mhanach, don fhile, don phéintéar, don té a bhfuil brú agus cantal an tsaoil dá chlipeadh, sea, coill.

Gabh ar do mharana inti nuair atá duairceas ag fáil an lámh in uachtar ort agus scaoil thart ar an gcúlraíd éagaoín chéasmhar agus ualach bróin an tsaoil. Ghnínn sin go minic agus mé go h-óg.

I mo ghasúr dom, fuairas léargas ar a lán — ar chruatan, ar ghanntan, agus ar chorráil an tsaoil. Chonaic mé uaisleacht na saoirse ag tráthú, agus d'easc ina háit aníos colg cásmhar an Chogaidh Chathardha. Ramhraigh sé sin agus rinne mísc. Thart orm bhí bainis Mheiriceá minic go leor. Chonaiceas an leonadh a thagann as an imirce. Thuas faoi scáth na gcrann labhraíodh lucht an tseanchais ar na daoine a thug an bád mór anonn go Boston orthu féin glúnta siar romhamsa. Bhíodh cluais le héisteacht orm. Bhí aois na Caillí Béara le ríomh agam dá dtiocfadh liom sin a dhéanamh. Áibhéil an ghasúir do mo shadhdadh, abair!

Thart ar dhá chéad bliain ó shin a plandáladh Coill Sheanna Mhóinín. Blácach na bhForbacha agus an Achreíd thart ar Bhaile Átha anRí agus Chill Tulaí a rinne é. Nós é sin a bhí ag na tiarnaí talún san am le barr slaicht a chur ar a ndúiche agus le scléip agus pléaráca agus aoibhneas a sholáthar dóibh fhéin agus dá gcineál. Cineál coimhlint a bhí ann do lucht an rachmais. Chualamar uilig caint ar 'Fhiach Sheáin Bhradaí (Bhradaigh)' agus plandóirí an Achreíd.

De réir mar tháinig ann don gcoill, lonnigh inti ainmhithe állta agus éanlaith a mbíodh fiach orthu — an sionnach, an cat crainn, an cleabhar, an naosc, an chearc fraoigh, an patraisc. An gadhar fiaigh a thug duine de na Blácaigh do mo shean-athair leis an sionnach a choinneál ón tsráid, rinne sé éacht agus céad de réir an tseanchais a chualas.

B'fhéidir nach ar fhiach amháin a bhí áird ag na tiarnaí. Thuas ag Cloch an Chaibidil, an taobh s'againne den eas, a chualas an scéal seo ó Mháirtín Sheáinín tá sé os cionn leath-chéad bliain ó shin. Nuala, ainm an chailín, í óg spéiriúil; díol rí de bhean inti. Chuir an Blácach óg sonrú inti agus thit i ngrá léi. Ní bhaineadh feara Éireann uaidh í. Thuig athair Nuala an crua-chás ina raibh sé fhéin agus ise ann — fadhb i gceann faidhbe ó thaobh creidimh agus eile. Rinne siad ar an sagart. Míníodh a cás — an bocht lag in aghaidh an té a bhí saibhir tréan. Chroch an tiarna an cailín leis ach gheall sise dá hathair dá mbeadh clann uirthi go mbaistfí sa gcreideamh gur dhe í fhéin iad. Ghéill an Blácach. Tháinig an chlann — mac. D'impigh sí faoi chéad go

mbaistfí é mar a gealladh di. Diúltaíodh dá hachainí. In aice Bhéal Átha na Sluaighe a bhí cónaí uirthi. Siúd amach sa scioból an mhaidin seo í. Chuir sí diallait ar cheann de na caiple fiaigh a bhí ann. Chuir sí fallaing uirthi fhéin agus cheangail an leanbh ar a droim. Rinne orthu go dtáinigedar ar an tsean-tsraíd. Tháinig athair Nuala amach: 'Seachain an bhfanfa anseo,' a deir sé. 'Beidh sé siúd i do dhiaidh. Cuirfear as seilbh mise — bánófar mé. Tiocfaidh sé crua orts a tíocht slán ach oiread. Fuirigh amach mar sin. Gheofar áit luí duit go maidin.' Fhad agus a bhí Nuala agus an leanbh ina luí siúd siar na comharsana gur thógadar bráca di in aice an locha. Obair na haon oíche a bhí ann — tógadh idir dhá sholas é, idir dul faoi agus éirí gréine — rud a bhí coitianta i dtús an chéid seo caite. Tógadh teach ar leac gan dushraith ar bith a ghléasadh — ní raibh gá leis san áit nach raibh ach scrath. Tá iarsma an bhráca sin ann fós, nó bhí. Eolas níor tugadh don mBlácach ariamh go dtáinig Nuala anoir. Aimsir buailíochta a bhí ann. O Bhealtaine go Samhain cuirfí eallach suas ar na tamhnaí. Ag freastal ar lucht buailíochta a bhíodh Nuala. Mar sin a thóg sí an mac ar an gcriathrach — ag cardáil, ag sníomh, ag cniotáil, ag déanamh maistre, agus ag fónamh ar chuile bhealach ar aos na gcladach. Tá ainm an locha ann go fóill — Loch Nuala. Tá iarsmaí na buailíochta le feiceál fós, na bánraí a tógadh ar na tamhnaí ó Ghleann an Fhia go Tulach na Síog thiar.

An choill sin a bhí ag béal an dorais againn, bhí abhainn mar theorainn léi agus doire eile taobh thoir den abhainn. Filleam arís ar Chloch an Chaibidil. Micilín Anna ag caint agus sinne ar fad bíogthaí ag éisteacht leis. 'Sa mbliain 1870,' a deir sé, 'a tharla an tuile mhór a scrios a raibh roimpi.' Bodachán trom a tháinig anuas ó na sléibhte, anuas ón gCnoc Raithní, ó na hArd-Doireadha, ó Shliabh an Aonaigh, ón droim taobh thiar díot, agus anuas amach ó Ogúil. Seachtain as éadan a chaith sé ag báisteach. Na fuarlaigh a tháinig réab siad rompu agus sceith thar na bruachanna síos síos go farraige. Bhí cuid mhaith tithe ó dheas de Aill na Groigh. Níor fágadh ach na fothraigh iontu. Chuala na Meiriceánaigh faoi agus cuireadh fios anonn ar an dream a bhí gan dídean. Chuaigh a raibh ann díobh go St. Paul agus Minneapolis. Taca an ama céanna a d'fhág na daoine na sean-bhallaí os cionn Saillethóna. Nuair a bhíos i mo shagart óg i Los Angeles fuairas glaoch ola chuig sean-bhean sa bparáiste. 'As Éirinn thú,' a deir sí. 'Sea,' a deirim féin. 'Tógadh mise i measc Éireannach i St. Paul' a deir sí, 'Na Connemaras a thugtaí orthu. Thréig siad

an talamh a bhronn Ard-Easpag Ireland orthu agus thug a n-aghaidh ar chúlshráideanna na cathrach. Tá a sliocht ann fós'. Nach fánach mar a thagann an stair leis an mbéalra úd sa gcoill! Minnesota faoi chomaoín sceithreadh na habhann agus an fhuarlaí mhóir.

Labhair mé ar ball beag ar Chlais Ruaidí Sáibhéara. Siar i dtuaidh uaidh, idir an Móinín Mór agus an Láthair Mhór tá an chloch agus an scailp rúnda, an chathair ghriobháin, ar chuir Pádraic Ó Loideáin poitín, agus nithe eile thairis i bhfolach inti tá os cionn céad bliain ó shin ann. Ag teacht go haois céille dom chualas gur sa scailp seo a d'fhág 'Liodáin' — sin é an t-ainm a tugtaí ar Phádraic Ó Loideáin — fear de mhuintir Oireachtaigh i bhfolach tar éis éalú dó-san as príosún Luimnigh. Bhí aimhreas air seo go raibh láimh eicint aige i mbás Lord Leitrim, an tíoránach a bhí mar thiarna talún ó Thír Chonaill anuas go Lónán. D'éalaigh an tOireachtach as Príosún Luimnigh le cabhair agus cuidiú na bhFíníní. Siar leis Bóthar an Churraigh go hÁth Cinn, trí Chunga, go dtí an Mám. Bhíodh áras samhraidh ag an Tiarna Liatroma ansiúd. Choinnigh na Fíníní súil air agus d'ardaigh leo é trasna na Coiribe thar Chaisleán na Circe go dtí muintir Mhons sa nGleann taobh thiar d'Uachtar Ard. Bean

de na Loideáin as Leamhchoill a bhí pósta ag Mons. As sin tugadh tígh Dháithí in Ogúil é. Chuaigh an Cleansach Mór — Seán Cleansa (Mac Fhlannchadha) — as Boluisce Uachtair — agus Éamonn Mhicil Mhaití as Boluisce Íochtair roimhe ansiúd agus thug síos go Seanna Mhóinín é chomh fada le 'Liodáin'. Ba é an 'Liodáin' seo Pádraic Ó Loideáin a bhunaigh an chéad chillín de na Fíníní i gCois Fharraige. Bhí ceathrar sa gkillín. Ón gcaint agus ón iomrá a chloisinn agus mé óg, táim cinnte go raibh Éamonn Mhicil Mhaitiú, a bhí pósta ag Siobhán, iníon le Liodáin, ar dhuine acu, an Cleansach Mór ar an triú duine; níor chuala mé ná níor ligeadh liom ariamh cérbh é an ceathrú fear. Beárna ar an mbéalra agus ar an stair atá ansin againn. Is iomaí sin beárna atá sa ngíodán sin le líonadh.

Tháinigas romham fhéin anois beag. D'fhág 'Liodáin' an tOireachtach i scailp an chathair ghriobháin ar labhraíos ar ball beag uirthi go maidin. Chuadar beirt ansin go Gaillimh ar dhá chapall diallaite agus siúd go Meiriceá an fear a raibh an dlí ar a bhonn. Ní raibh 'Liodáin' ach sa mbaile ar éigin i Seanna Mhóinín nuair siúd chuige duine den R.I.C. 'How is Red Fox, Lydon?' a fiafraíodh de. 'An Sionnach Rua' an t-ainm bréige a bhí ar chillín na bhFíníní san áit s'againne. Níor

Seán Ó Máirtín Teo.

Adhmadóireacht

Staighrí Fuinneoga Doirse

Cré Dhubh,
An Spidéal

Fón 83298

frítheadh amach ariamh an béal braite. Bíonn sé ann. Bhí a mhacsamhail ar an Dárág.

Siúd chun na coille arís mé. Bhíodh trácht na seacht mbaile uirthi ó Chnoc an Locha anuas, as Sliabh an Aonaigh freisin. Thagaidís as an bPéic, as Seanna Gharráin, agus as na bailte taobh thoir den abhainn. Ón taobh thiar, bhíodar ann as Boluisce, as Seanna Mhóinín, agus as Bothchúna aníos. Seanchas, comhlúadar, ól freisin, agus iasc úr: ceann nó chuile cheann acu sin dá dtabhairt ar aon fhód. Cuirfí filíocht cheolmhar bhinn-bhriathrach le Frainc 'ac Confhola thuas údan faoi chaibidil ag lucht an tseanchais. Ó hUiginn as Cnoc ar Easair anoir ag taobhú leis, an Céideach as Seanna Gharráin ar an intinn chéanna. Is é an Céideach seo a d'aithris "Céadtach Mac Fhinn" d'Eoghan Ó Neachtain ón bPáirc i dtús an chéid seo sa gcaoi go gcuirfeadh Conradh na Gaeilge i gcló é. Rinneadh sin. Míicilín Anna gortach faoi mholadh ar ní ar bith nua; Mícheál Mac Suibhne a thaithnigh leis-sean agus Conchúr Táilliúr nó dream ab ársa fós. Caint thapaí aige. Chuir sé an Chraobh Rua, Cú Chulainn, Feardia, Méabh Chonnacht ina mbeo rómhat. Nó gheofa na Fianna dá mba mhian leat é: Conán Maol, Diarmaid Donn agus Gráinne, Oscar Áidh, agus Oisín a mhair ina ndiaidh. Shuíos go minic ansiúd ag Cloch an Chaibidil le hómós dó, na súile báite agam ann. Tchím uaim anois féin é. Fáth mo dhoiléosa nár bhailíos liom ach dias dearóil fánach as gort líonmhar saibhir na Gaeilge a bhí ag an nglún údan.

Chualas faoin scoil chois claidhe a bhí siar ó Chara Sheáinín sa Mínín Uisce. Duine de mhuintir Sheáin Rua a bhí i mbun na scoile seo. Laidin inti agus Gréigis agus Gaeilge bhlasta na bhfilí agus na láimhscríbhínní. Nár bhreá an deis a fuair muintir na mbailte thuas nuair nach raibh aon scoil eile níos gaire ná scoil Uí Dhónaill ins na Cnoic! Chonaic mé thall i New York ag atur nae a tháinig ar shliocht Sheáinín Sheáin Rua, ceann de na láimhscríbhínní ar baineadh úsáid aisti sa scoil údan.

Monuar, nach dtáinig liom an leabhar sin a thabhairt abhaile liom go hÉirinn anall! Ualach ar mo chroí go lá mo bháis í bheith uaim.

Cuireann caint ar Mheiriceá chun na coille arís mé. An truslóg a thóg Tom Bhrídeoige ón aill i lár na heasa soir go dtí an Choill Bheag, labhraíodh linn go minic ar an léim sin agus tugadh dúshlán dúinne a bhí óg. Loic an misneach orainn gidh gur shantaíos an truslóg chéanna a dhéanamh go minic. Ar lean an scafántacht anonn go Boston thú, a

Tom, ar an imirce duit? Nó ar briseadh le cúmha thú thall?

Cé a déarfadh go mbeadh Teach Mór an Mhuiréisigh agus an loscadh a déanadh air le linn an Chogaidh Chathardha scríofa in úir na coille thuas. I Chicago a chualas an scéal seo: fear as Dúiche Sheoigheach aniar, airsean agus ar fhear óg eile as ceantar Uachtair Aird a thit an crann an teach mór sa Spidéal a dhó.

Anuas na tamhnaí a tháinig siad. Chaill siad an *dynamite* sa nGarraí Nua siar ón gcoill. Fuair beirt ghasúr ar an mbaile — táid beo fós — an beartán míllteanach seo. Thugadar leo go dtí an teach s'againne é. Fuair m'athair greim air. Cuireadh thoir sa gcoill é; ní feasach mé beo cén áit. D'inis mise an taobh seo den scéal do fhear Dhúiche Sheoigheach thall in Illinois. Séard dúirt sé liom: 'Cé chás é ach gur chaitheamar trí lá ag tóraíocht an *dynamite* thuas i Seanna Mhóinín? Is é an trua nach raibh a fhios againn go raibh sé ar chóir shábhála'.

Bhí fúm na crainnte, an cineál crann atá inti a lua agus an léann a bhaineann leo. An aibitir Gaeilge sin atá againn, baineadh úsáid as san Ógham Chraobh. An litir 'A', cuir i gcás, sin é an crann úir nó ailm. D'fhás an crann sin soir uainn ag an gCara Bheag. Chuir sé ceann ar thithe agus ar sciobóil ar fud na mbailte. Bhíodh colm nó colúr ag neadú ann — éan tréitheach, chuir an Eaglais rómhat é mar chomhartha den Spiorad Naomh.

Beith an dara litir, crann mór láidir. 'Crann an Bhlácaigh' ba den adhmaid sin é. Is aoibhinn leis an iora rua agus leis an mada crainn dreapadh air agus lonnú in ascaill na mbrionglán tréan a sceitheann go dúshlánach amach as an gcabhair téagarach a bhíonn air.

An Coll: seasann sé san Ógham don litir 'C'. Is beag de a bhí sa gcoill s'againn. Bhí sé go farra bachall sa gCoill Bheag taobh thoir gona ualach cnó. Rinneadh scolb as agus is iomaí sin beart díobh a díoladh ar Mhargadh na Slat i nGaillimh.

Seasann 'D' sa nGaeilge don dair. Seo é Rí na Coille ó thaobh nirt agus spreacadh agus uaisleacht (tá a fhios againn gur tugadh rí na coille ar an gcuileann críon mar ábhar tine). Snoíodh é siar siar le linn na n-aimsir. Déanadh troscán ornáideach tí agus leabthan de go dtí tús an chéid seo caite. Ní raibh mainistir ná séipéal san Eoraip nach raibh ornáid snoíodóireacht dair san duaiscill agus san éardom ann. Gabh leat isteach in ard-eaglaisí móra na Fraince agus Shasana agus feicfir mar sheas obair ghreanta an tsaoir iontu, gan fabht, gan cruimh dá rodadh. Tá an choill úd foircthe le dair. Bhí meas ar

leith ort má síneadh do chorp sa gcaol-chonra dara. As dair a déanadh mainistir Naomh Bríd .i.gCill Dara. Lonnaigh an charróg, an seabhac, agus an chuach go haerach ar a bharr. Áit suímh don iolra féin a bhí ann mar gheall ar an teacht aniar a bhain de ón bpréamh aníos. B'aoibhinn liom leanacht orm ag trácht ar litreacha an aibitir Gaeilge agus na crainnte a bhí greamaithe dóibh...

Bhíodh na filí agus na sean iondúirí a tháinig romhainn in ann an lá ar rugadh nó ar éag duine a inseacht as na crainnte. Mar seo a d'inis Art Mac Cubhaigh lá éagtha Airt Uí Néill san Marbhna a chum sé air.

An coll faoi dhó agus an dair faoi thrí
Naoi mbliana seasca agus seacht mí
Aois an Rí dá ngéileann cách
go ndeachaigh Art Ó Néill i gcré i gconra chlár
Nó scríobh mar seo é:

$C + C + D + D + D + 69 = 200 + 1500 + 69 - 1769$.
Bhíodh Blácaí na bhForbacha go na giollaí, Giolla na leath-láimhe go h-áithrid, ag faire ar dhuine ar bith a raibh ualach slat ag dul go Geal-chathair soir aige. Cuirfí 'na leith gur ghoid sé ón Tiarna iad. Tugtaí suas go scioból an Tighe Mhoir ansin é go dtagadh an fhuil dhearg amach ar na másaí aige ón lasca agus ón léasa a tugadh dó.

Ar an mbaile againn bhí cúpla garraí ar chuireas spéis ar leith iontu i ngeall ar na h-ainmneacha a bhí orthu. Garraí Tom Shíomóin ceann acu. Cérbh é Tom Shíomóin? Cé as a dtáinig sé? Cá ndeachaigh sé? Chuireas ceist ar na sean iondúirí uilig. Míicilín Anna arís a tháinig i gcabhair orm, nó a thug leide dom, sílim. 'Chuala tú, a stócaí, caint ar Eachdruim an Áir. Thoir ansiúd fágadh ar lár maithe agus mór-uaisle Chonnacht. Ramhraigh madra allta agus carróg agus gach uile bheithíoch agus éan chreiche dár cruthaíodh ar chorp na dtréanfhear ar déanadh éirleach orthu ar an bhfód chráite úd. Rinne a gcuid cnámha leasú ar chre an Acharéidh. Fágadh Flaitheartach Acha na nÍúr ann. A bhean féin a d'inis sin dúinn nuair a chonaic sí an each a bhí aige tagtha abhaile ón gCath, gan marcach air ach an Céideach a bhí mar ghiolla capall sa gCaisleán i ngreim srian ann. Idir scaladh cléibhe agus cúmha dúbhach cráite i ndiaidh an ghaiscí ba céilí dí d'fhág sí na focla briotacha seo san mbéalra:

Tá an Céideach ar fáil

An marcach ar lár

An Flaitheartach mo ghrá

Níor fhíll tú ón ár,

Ach tá an each ar an tsráid,

Thoir i nEachdruim a táir.

Ní fhíllfir go brách.

Tá mo chroí istigh réabtha

Go tréith-lag gan éifeacht

Mo shuílí gan léargas

M'anam 'na chaor-dubh

Buadhartha gan céad-searc,

An chlann seo ag éagcaoin

Ní thiocfa linn éalú

Ó Eachdruim go brách.

Ansiúd a stócaí tá Tom Shíomóin sin agat-sa agus go leor forránach lua láidir eile as na bólaí seo agus siar go Ceann Léime...

Chuir an chaint sin ag smaoiniú mé go minic le tuilleadh agus leath-chéad bliain. Chriog Eachdruim Connacht. Briseadh, brúghadh, bánaíodh é. Ó 1690 go 1750 siúd anoir thar Coirib ó dhá thaobh na Suca, na Coinceanainn, na Coisdealbhaí, Muintir Uí Chonchubhair agus a lán nach iad, agus rinneadh cónaí i gCois Fharraige agus bealaí Mhaigh Cuilinn. Sa mbliain 1746 a tháinig Muintir Choinceanainn anoir. Shocraíodar i mBothchúna ar dtús, ansin i Saillethúna agus thoir faoi dheire faoi na Blácaí i gCnocán an Bhodaí. Ba duine díobh mo shean-mháthair ó thaobh m'athar. Conchubharach a bhí sa tsean-mháthair eile a bhí agam (ó thaobh mo mháthar). Anuas as na hArd-Doireadh a tháinig a bunadh sise. Plandaileadh oirthear na Gaillimhe fré chéile. An boicín a thaobhaigh le Rí Liam in-áirde, agus an Gael bocht ar a theitheamh, siúncáí, sárúithe ar chuile thaobh díot. Tógadh na "Tithe Móra" saoirseacha agus bhí an fiach mór ar siúl ag na Perrses agus na Blácaí agus a chineál ón tSionainn anoir. Ualach ar chroí gach Gael Eachdruim a mheabhrú dó. Ceo ar bith ach go raibh an fáidh againn a dúirt: "Is fánach iad eochracha tí móir". B'fhíor dó.

Níor baineadh féar ná fómhar i ndiaidh Eachdroma. Bhí na spealadóirí 'na leasú agus na buanaithe chomh maith. A gcuid mná lag lúbach le ocras agus cumha. Sin agat míniú an tsean fhocail: "fómhar na mban fann". Thug an píobaire faoi deara an t-uaigneas a bhí sa dúiche, ar na bánta, ins na goirt agus chum sé an fonn cráite úd: "Gol na mban san ár". Tháinig an ceol sin go Cois Fharraige agus an truaighbhéal agus an brón agus an céasadh croí a bhí ag coipeadh ann mheabhradar lá an léin a chuir as seilbh na mílte Gael.

Má chuireas ar a marana agus ag smaoineamh muintir an pharáiste leis na focla seo tá ríméad orm. Cuireadh chuile bhaile siar a bhfuil d'eolas fágtha

Ar lean ar lth. 15

OSCAILT NA PÁIRCE

Tar éis mór iarracht dhamanta le ceathair nó cúig de bhlianta, tháinig an 10ú lá de Bhealtaine agus osclaíodh go hoifigiúil Páirc Peile Mhíchíl Bhreathnaigh ar an gCnoc. Ní raibh an aimsir i bhfábhar na hócáide mar go deimhin is go dearfa, d'oscail an t-aer ar maidin agus bhí sé ina chaitheamh sceanna gréasaí an chuid is mó den lá. Choisc seo riar maith daoine ó theacht agus ina theannta sin de bhuíochas paidreacha an Choiste, d'éirigh le foireann Peile na Gaillimhe a bheith ag imirt i gcluiche ceannais na sraithe i bPáirc an Chrócaigh an lá céanna. An rud is annamh is iontach. Ar ndóigh bhí lucht leanúna na Gaillimhe chomh stiúgha sin cheal bua ón bhfoireann Contae, is gur:

deacair milleán a thabhairt dóibh dá dtabharfaidís ar fad aghaidh ar Pháirc an Chrócaigh. Níor thug — mar bhailigh slua breá ag Páirc na mBreathnaigh san áit ar oscail Aire na Gaeltachta an Pháirc agus an Pionúr nua go hoifigiúil. Bheannaigh an Sagart Paróiste an áit agus bhí an searmanas ar fad dhá chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta.

Thug an fhoireann áitiúil, Mícheál Breathnach agus foireann eile as Conamara, Naomh Ciarán aghaidh ar a chéile ansin i gcluiche breá fearúil. Bhí tuile na maidne ag goilliúint ar an scrath, ach níor loic na himreoirí. D'éirigh leis na Breathnaigh an lá a thabhairt leo ar éigin. Ansin den chéad uair


ariamh, thug dhá Fhoireann Sinsir Iománaíochta aghaidh ar a chéile ar fhód na Gaeltachta — Foireann cháiliúil na Gaillimhe agus sár iománaithe Chontae an Chláir. Bhí an choimhlint géar agus glan agus d'éirigh leis na Gaillimhigh ar éigin an lámh in uachtar a fháil ar a gcuid comharsan béal dorais.

Bhí Clár Oifigiúil breá gnaíúil déanta amach don lá agus seachas an aimsir a bheith ordaithe níos fearr, bhí an t-eagrú ar fad thar barr. Sa bPoitín Stil a bhí an dinnéar ceiliúra agus an Céilí. D'fhan na foirne Sinsir go dtí deireadh na hoíche agus bronnadh suaithentais breá de Chriostal Dhroichead an Chláirín ar gach imreoir agus fear ionaid dár leag

cois ar an bPáirc an lá sin. Mar is iondúil leo chuir an Poitín féasta breá de dhinnéar ar fáil, agus ba léir ar an slua go raibh siad súch, sách, socúlach i ndeireadh na hoíche.

Le linn na hoíche freisin, bronnadh sciath bhreá ar Timín Joe Tim as ucht a shaothair ar son Club na mBreathnaigh ar feadh na bliana. Tá sé de cheart ag an bParóiste a bheith mórálach as a n-iarracht. Tá lorg a láimhe agus saothar a gcuid allais le fágáil le huachta ag a gclann agus ag clann a gclainne. Tá súil le Dia agam go mbainfidh siad só agus sonas as.

S. Ó Neachtain



Éinne Ó Foighil (ar chlé) agus an tAth. Pádraic Ó Tuairisc le linn a gcluiche liathróid láimhe.



Aire na Gaeltachta ag bronnadh trófaí Údarás na Gaeltachta ar chaptaen Naomh Abán D. Ó Loinsigh.



Oíche Dé Domhnaigh (9/1/'81) i scoil Sailearna bhí cóisir do sheandaoine an cheantair.

Bhí cuid de na daoine an-sásta agus bhreathnaigh cuid acu sách "fed up".

Bhí Maitiú Ó Dillíun nó Matt Phádraicín ag baint gáire as gach duine.



DUMHACH NA LEANBH

Rinnín a thugadh na sean daoine air, agus fós féin is é a thugas daoine air. Tá an áit seo ar chladach Bhaile an Tí Mhóir. Creidim gur Rinnín a bhí ann, mar bhí sé i bhfad níos limistéirí ná mar atá sé faoi láthair gur tháinig oíche stoirmiúil agus farraige láidir a thug stiall mhór dó chun bealaigh idir conrachaí agus eile. Is dóigh gur páistí a cuirtí ann ó thús mar bhí sé cóngarach, mar nach raibh aon reilig eile ní ba ghóire ná an Spidéal nó Maoiris, freisin cuirtí daoine bochta agus a leithéidí ann. Cuireadh roinnt daoine fásta ann bliain an "Flu Mhóir" as na bailte thart timpeall.

Níl mórán eolais nó seanchais faoi le dhá chéad bliain ar chuma ar bith. Tá tobar beannaithe ann ar a dtugtar "Tobar Rí an Domhnaigh" air. Bhí muinín mhór ag daoine as. Chuala mé faoi bhean amháin a raibh buachaill beag aici a raibh drochshláinte aige. Thug a mháthair ann é lá. Nuair a bhí an turas déanta aici choisric sí an buachaill le huisce an tobair. Thosaigh an t-uisce sa tobar ag fiuchadh. Ghlac máthair an bhuachalla leis gur comhartha a bhí ann nach raibh aon bhiseach i ndán dó. "Teara uait abhaile a mhaicín" ar sise "agus toil Dé go ndéantar". An bhean fhéin a d'inis an scéal do mo mháthair-se. Dúirt sí gur bean chreidmheach a bhí sa mbean chéanna. Níor mhair an buachaill i bhfad ina dhiaidh sin.

Choisric Séiplíneach arbh ainm dó an tAthair Levell, a bhí sa bparóiste uair, an reilig seo. Ní raibh clái ná fál uirthi ariamh agus cead ag beithigh agus eile siúl ina mullach ach ní bheidh sé le rá feasta a bhuíochas sin do bhaill fo-Choiste an Chumainn Fhorbartha. Tá sconsa anois ar an reilig agus beidh cóir iontach acu uirthi ó thaobh na farraige de. Cóir dúshlánach a sheasas in aghaidh farraige láidir. Is creidiúint dóibh é. Tá moladh mór ag dul dóibh as ucht a ndúthrachta agus a gcuid saothair, ag bailiú airgid agus eile. Go gcúití Dia leo é. Ní bheidh cur isteach níos mó ag taça ar an reilig nó ar na mairbh bhochta atá ag fanacht leis an tsíoraíocht ann, ní bheidh sin, ach ologón na dtonn agus screachaíl na bhfaoileán agus éanlaith eile an chladaigh agus na farraige.

Peadar Ó Máille

Ar lean ó lth. 11

ann ar phár. Thiocfadh linn ansin leabhrán a thiomsú a mbeadh stair agus seanchas an cheantair ann. Cloisfí faoi bhainis agus faoi thóramh, faoin gceardaí agus an spailpín, faoi ainneir na gciabhfholt agus an buachaillín aerach . . . faoi na céadta rud atá ag dul ó chuimhne. An bhfuilimid ró-mhall? An bhfuil an orlach dheireannach den choinneal loiscithe?

AN BLÁTH AGUS AN BHÓ

*Tá an ghaoth ag séideadh is tá mé fuar
Tá an bháisteach ag titim is tá mé fliuch
Tá an ghrian ag scalladh is tá mé te
Tá an sioc ar an talamh is tá mé ag reo.*

*Tá bó i mo gharraí-se ag ithe mo chairde
Tá féileacán ina shuí ar mo cheann
Tá an bhó ag teacht níos gaire
Is tá mé ag guí nach n-íosfaidh sí mé.*

*Is bláth beag mise is tá mé scanraithe go maith
Tá an bhó mhór ag druidim le mo thaobh
Is tá súil agam nach n-íosfaidh sí mé
Mar a d'ith sí mo chairde go léir.*

Niamh Ní Eidhin, Baile Ard, An Spidéal.

Aois: 12

AN OÍCHE

*Bíonn an oíche dorcha
Is bíonn an oíche ciúin
Cloisim na taibhsí amuigh
Is iad corraithe ag an ngaoth*

*Tá an ghaoth ag séideadh
Amuigh sna crainn
Is ag feadaíl
Timpeall an tí*

*Tá an ghealach ag damhsa
Is na scamail ag rith
Ach tá mise i mo chodladh
Is mé ag brionglóidigh faoi.*

Niamh Ní Eidhin, Baile Ard, An Spidéal.

C.M.E. TEORANTA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

- * Soláthraíonn C.M.E. Teoranta réimse leathan trucaíli agus iomparán sábhála airgid agus taisceadán oíche do bhancanna agus d'institiúidí eile airgeadais.
- * Déanann muid fearais chomhadaithe le haghaidh ospidéal agus saotharlann, agus easportáiltear go dtí na Stáit Aontaithe agus go dtí Mór-roinn na hEorpa iad.
- * Táirgíonn muid cásanna ríomhairí agus páirteanna miotail le haghaidh thionscail na leictreonaice.
- * Tá monarcha nua-aoiseach againn le hinnealra mionchruinn inti, agus tá foireann fíor-oilte againn a chuireann béim ar leith ar chruinneas, ar fheabhas, agus ar chríochnú ár dtáirgí.
- * Ní hionadh mar sin, gur roghnaigh Córas Tráchtála muid le bheith páirteach i dTaispeántas Idirnáisiúnta Slándála in Essen na Gearmáine i mbliana.



A Shoilse, Christopher Uas. Fogarty, Ambasadóir na hÉireann chun na Gearmáine agus an Dr. J. Maguire, Stiúrthóir C.T.T. Dusseldorf ag scrúdú na dtáirgí a bhí ar taispeánt ag C.M.E. Teoranta i rith Taispeántas Security 80 in Essen san Iar-Ghearmáin.

AN TEANGA MHARBH

Ar chualais léan-scrios na teanga Ghaeilge,
Agus meoin a tréithre go tréan dhá leaghadh,
Mar tá sí tréigthe ar son an Bhéarla,
Ag Rialtas Éireann nach ndearna í a chleachtadh
Éirigh is dúisigh a chlanna Gaela
Is scaipigí an scéal ar fud gach baile
Go labharfar Gaeilge ar fud na hÉireann
Ó na bánta méithe go dtí na leaca lom.

Ó fuair muid saoirse ba mhór an scéal é
Go raibh scoth na nGaeilgeoirí, ag teicheadh as baile
Ó Dhún na nGall go hOileán Chléire,
Ó Chorca Dhuibhne is ó Chonamara,
A d'fhága athair is máthair go brónach cráite
Is nach mór an crá é i mbéal gach teaghlach.
Is dá gcuirfeá slat ar Éire ó dheas go Déise,
Nach iomaí Gael acu nach dtiocfadh abhaile.

Éirigh agus dúisigh a chlanna Gaela
Is ligigh don scian is géire a dul a fearradh
Mar má chailleann muid an teanga Ghaeilge
Go deo na ndeor ní thabharfar ar ais í
Scaipfidh néal dubh ar fud na spéartha,
Is beidh loma-léin ar mhuir is talamh,

Slán le hÉire agus a chlann fré chéile
Is nach iomaí duine a déarfás cé'r tharla an taisme.

Pádraic Ó Fatharta,
An Teach Mór.

Scriobhadh an dán seo i 1974.

BÓTHAR NA TRÁ

le Mícheál Breathnach

Bhí mé lá i mBóthar na Trá
Ba shuaimhneach sásta sómhar mé,
Ar aghaidh na mara is Cho. an Chláir,
Inse Áram — cré na naomh.

Mo bhrón mé i bhfad ó mhuir is ó thrá,
Mo bhrón gach lá fear dubhach leis fhéin,
Ag cuimhniú ar gach súgradh is greann
Dá mbíodh san áit ina hoileadh mé

Le ceol na mara cuirim slán,
Le toinn, le trá, le scread na néan;
Tá an Geimhreadh ag teacht i mBóthar na Trá
Is tá mo thriall-sa ar thíortha i gcéin.

Go maire siad a nuaíocht

Phós Bernadette Ní Fhlaithearta, An Lochán Beag,
agus Seán Mac Risteard, Baile Liam. 14.3.'81.

Phós Máire Áine Ní Chualáin, Na hAille agus
Mícheál De Búrca, Caisleán Gearr. 15.7.'81.

Phós Máirín Ní Choisdealbha, Na hAille agus
Pádraig Ó Neachtain, Gleannach Muireann. 18.7.'81.

Slíocht Sleachta ar shlíocht a sleachta!

Baisteadh na leanaí 'oga seo i Séipéal an Chnoic i
mbliana:

Séamus Ó Conghaile, An Cnoc a rugadh
1.1.1981.

Dómhnall Ó Fátharta, Saile Thúna. 5.1.'81.

Tomás Éamonn Ó Neachtain, Seanamhóinín.
9.2.'81.

Sinéad Ainglín Ní Mháille, Cor na Rón Lár.
9.2.'81.

Bernadette Róisín Ní Choisdealbha, Baile na
mBroghach. 10.2.'81.

Cathal Ó Conaire Lochán Beag, cúpla, 10.2.'81.
Stiofán Ó Conaire

Mairéad Máire Ní Chadhain, Lochán Beag,
22.2.'81.

Gearóid Séamus Ó Conchúir, Bothúna. 4.3.'81.

Eoin Diarmaid Ó Duibhir (mac le Peigín Ní
Churraoin, Cré Dhubh, agus Séamus Ó Duibhir.
23.4.81.

Tomás Seosamh Ó Tuathail, Coill Rua Thoir.
20.5.'81.



Máirín Davy Ní Choistealbha agus Pádraig Ó Neachtain a phós le gairid.



Máire Áine Ní Chualáin agus Mícheál De Búrca as Gaillimh a phós 15.7.'81.



Bernadette Ní Fhlaithearta, An Lochán Beag, agus Seán Mac Risteáird, Baile Liam, a pósadh 14.3.'81.

Maiteas Ó Cualáin, Lochán Beag, Indreabhán agus Máire Áine Ní Chonaire, Gairifean, Rosmuc a phós le gairid.



BLÚIRÍNÍ NUAÍOCHTA

BRÚ ÓIGE NUA

Osclaíodh Brú Óige in Indreabhán ar an 5 Aibreán le bunú "An Óige" leithchéad bliain ó shin a chomóradh. Sé Taoiseach na linne, Cathal Ó hEachaidh a rinne an oscailt oifigiúil agus bhí slua de mhaithe agus móruaisle Gael, idir cléir agus tuath i láthair don ócáid.

Tá leapacha do 66 duine sa mBrú agus tuairiscítear go bhfuil sé lán go doras d'eachtrannaigh agus d'Eireannaigh óga ó thús an tSamhraidh.

Ba le Pádraig Mac Donncha (Pádraig Terry) an teach to dtí gur cheannaigh An Óige é. Chosain sé os cionn £100,000 an Brú a chóiriú. D'íoc Bord Fáilte 80% den chostas.

DUAIS £400

Ghnóthaigh Club Óige Lurgan trófaí agus duais £400 i gcomórtas "Forbairt" Udarás na Gaeltachta i mbliana. Eagraíodh an comórtas áithrid seo le Óige na Gaeltachta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i

bhforbairt a gceantar féin tríd obair a gcuid clubanna.

MONARCHA NUA

D'fhógair Udarás na Gaeltachta le gairid go bhfuil monarcha nua le hoscailt ar an gCnocán Glas roimh dheireadh na bliana. Beidh "Feoil Norjor Teo.", ag gearradh, ag pacáil agus ag reodhadh feola agus 'a díol le haonaid mhóra díolacháin, le hospidéil agus le hinstiúidí móra eile.

Beidh postanna do thriúr déag sa mhonarcha nuair a bheidh sé faoi lánseoil. Tá an siopa oibre a bhí ag Muintir De Paor ar an gCnocán Glas 'a chóiriú don ghnó faoi láthair.

BRAT MAISIÚIL

Ghnóthaigh Cumann Camógaíochta Chois Fharraige an duais don bhrat maisiúil ba deise i measc clubanna chontae na Gaillimhe i gcomórtas Fhéile na nGael i mbliana.

Sé Pilib Robinson ón gCré Dhubh a dhearaigh agus a mhaisigh an brat.

An Rinn Mhór, Gaillimh. Fón: (091) 61245

Galway Milk Co.



BAINNE ÚR GACH LÁ

UIBHEACHA agus ÍM

AMHRÁN MHUIGHNISE

Dá mbeinn trí léig i bhfarraige nó i sléibhte i bhfad ó thír
Gan aon neach beo i mo ghaobhar ann ach an raithneach ghlac agus an fraoch
An sneachta bheith ag titim orm is an ghaoth dá fhuadach dhíom
Is mé ag comhrá le mo Taimín Bán, níorbh fhada liom an oíche.

Is a Mhuire dhílis céard a dhéanfas mé tá an geimhreadh seo ag teacht fuar,
Is a Mhuire dhílis céard a dhéanfas mé sa teach seo ina bhfuilim ann
Nach óg a stór a d'imigh tú le linn na huaire breá
Is le linn an chuach ag seinm
Is gach duilliúr glas ag fás.

Is dá mba thusa féin a d'imeodh 'gus mise fanacht beo
Bheinn ag oiliúint do chuid clainne duit, de oíche agus de ló
Shiúilfinn thart na Libirtí agus páirt de Cho. an Chláir,
Is ní chuimhneoinn an fhad a mhairfinn beo, fear eile a chuir i d'áit.

Gearraigí amach mo chónra dom as fíor scoth glan na gclár
'S má tá Seán Ó hEidhin i Muighnis bíodh sí déanta óna dhá láimh
Bíodh mo chaipín is mo ribín inti
'S iad go ró-dheas faoi mo cheann
'S tá triúr ban óg ó shléibhte agam le mé a chaoineadh os cionn cláir.

Is dá mbeadh mo chlam sa mbaile agam an oíche a bhfaighinn féin bás
Nach dtórródh siad go fiúntach mé trí oíche agus trí lá
Bheadh píopaí geala cailce orm, is na ceaigeanna 's iad lán
'S thabharfadh Paidín Bán go Muighnis mé, nó 's ró-gharbh a bheadh an lá.

Ag dul siar go hInse Ghainimh díbh bíodh na bratach ón gcrann
Ná tugaigí go Leitir Caladh mé mar níl aon duine ann de mo dhream

Ach tugaigí siar go Muighnis mé an áit a gcaoinfear mé go breá
Beidh soillse ar na dumhchanna 'gus ní bheidh uaigneas orm ann.

Máire Ní Chualáin, An Teach Mór.

FOTHRACH

Bhí caisleán ann fadó
Ach níl ann anois ach fallaí briste
Nuair a bhí sé ann
Bhí sé láidir, is breá ard,
Agus bhí rí mór ina chónaí ann.

Bhí sclábhaí aige,
Is saighdiúir cróga,
Bhíodh an rí ina shuí,
Ar chathaoir mhór ard.

Bhí bord leathan ann,
Is stól fada,
Bhíodh tine lasta
i lár an halla,
Is lampaí crochta
ar an bhfalla.

Ach anois níl ann ach fallaí briste
Díon titithe
is gach rud millte
Is samhlaítear dom go domhain im' chroí
Na laethanta breátha a bhí ag an rí.

Dara Ó Baoill, An Teach Mór, Indreabhán.
Aois 10 mbliana.

REILIG CHOIS FHARRAIGE

Nuair a shíúilimse isteach i reilig Chois Fharráige,
Tá na sluaite mín marbh ina luí ann faoin bhfód,
Sa gcoirnéal thoir theas de ba mhian liomsa
seasamh,
Ós cionn an laoi ghéanúil Mícheál Breathnach go
deo.
Is a fhíor-scoth na huaiscle sé mo thrua thú bheith
sínte,
Is nach suanmhar 's nach claoite mar chodlaíos tú
an t-am,
Go dtiocfaidh lá an t-sléibhe ní baol duitse múscailt,
Is ní fheicfear sa dúthaigh tú ar thuile ná ar thrá.

Tá tonnta na mara ag bualadh is ag clascairt,

TÁ SIAD IMITHE AR SHLÍ NA FÍRINNE

Máire Ní Churraoin, Caorán, Baile na hAbhann.
7.1.1981.
Máirtín Breathnach, Cor na Rón Thiar. 12.1.'81.
Aindrias Ó Coisdealbha, Caorán, Baile na
hAbhann. 13.1.'81.
Áine Ní Chualáin, Indreabhán. 13.1.'81.
Mairéad Bean Uí Chonghaile, Cré Dhubh.
14.1.'81.
Pádraig Ó Fátharta, Na hAille. 27.1.'81.
Áine Ní Chualáin, Indreabhán. 2.2.'81.
Dónall Mac Giolla Máirtín, Cathair. 24.2.'81.
Máire Bean Uí Chonghaile, Cor na Rón Lár.
27.2.'81.
Máirín Bean Uí Chonghaile, Bóthar Buí, An
Choc. 27.2.'81.
Peadar Ó Cualáin, Leithrinn. 3.3.'81.
Máirtín Ó Conghaile, Teach Mór. 16.3.'81.
Tomás Ó Céide, Saile Thúna. 18.3.'81.
Áine Bean Mhic Dhonncha, Buaile Uisce.
22.4.'81.
Áine Bean Bhreathnach, Leitir Fir. 11.5.'81.
Colm Ó Biadha, An Cnoc. 16.5.'81.
Mícheál Mac Dhonncha, Cré Dhubh. 29.5.'81.
Bríd Bean Uí Chualáin, Lochán Beag. 31.5.'81.
Cáit Ní Chonghaile, Baile na hAbhann. 17.6.'81.
Mícheál Ó Tuairisc, Lochán Beag. 8.6.'81.
Colm Mac Con Iomaire, Doire Choill. 8.6.'81.
Cáit Bean Uí Gríofa, Cor na Rón Lár. 10.7.'81.
Bríd Ní Ghríofa, Cor na Rón Lár. (i Londain)
11.7.'81.

Go dtuga Dia solas na bhFlaitheas dóibh.

I bhfoisceacht chúig acra do leaba an deá-Ghaeil,
Ach céad faraoir crua dearcach, eisean nach
n-airíonn
Fuaím thorann na gcladach ná toirneach ón spéir.
Tá an bhearna seo fágtha gan líonadh sa náisiún,
Ó tháinig an bás do do dhíbirt faoin gcré,
'S tá Éireannaigh cráite is gan goir acu fháil,
Is tá teanga Chríoch Fáil ón lá sin i léig.

Tá smúit ar Loch Measc is ar scoil Thuar Mhic
Éadaigh,
Is níl éirim ná pléisiúr le fáil ins an áit,
Tá na hAlpaigh dobhronach ar ghuaillí a chéile,
Ag súil leat go géar le teacht ina láthair.
'S nuair nach bhfuil goir againn thú a fheiceál sa
mbóithrín,
Ar theacht an tráthnóna nó le h-éirí an lae,
Cuirimid beannacht le hanam an leoin laoi,
'S go bhfeicfear arís é ar dheis láimh Mhic Dé.

Seosamh Ó Donnchadha (Joe Shéamais Sheáin) a chum

LEACHT CUIMHNEACHÁIN

Tá an leacht cuimhneacháin do Mhícheál
Breathnach tógtha anois agus é suite go teann ar
urlár a thí ar an Lochán Beag.

DÚMHACH NA LEANAÍ

Tá tús curtha leis an obair ar Dhúmhach na Leanaí.
Fo-choiste den Chumann Forbartha atá i mbun an
fheachtais agus eagraíonn siad imeachtaí éagsúla le
airgead a chruinniú don obair.

BRAT URLÁIR

Tá brat urláir breá slachtmhar ar shéipéal an Chnoic
anois. Dath liath atá air agus tá brat dearg ar an
urlár timpeall na haltóra.



COMHARCHUMANN

CHOIS FHARRAIGE TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe



Seirbhísí ilchineálacha do phobal na Gaeilge.



*CLÓDÓIRÍ LURGAN: Seirbhís phriontála agus chlóchuradóireacht: leabhair, irisí, postaeirí, ticéidí, etc.



*CLÓ CHOIS FHARRAIGE: Foilsiú téacsleabhar agus ábhar oideachasúil go príomhdha. Cuir fios ar ár
gcatalóg!



*COMHAR LURGAN: Ábhair agus fearais oifige, stáiseanóireacht agus troscán oifige ar phraghsanna
iomaíochta.



*COLÁISTÍ GAEILGE: Cúrsaí Gaeilge do dhaltai scoile 10-18 mbliana. Cúrsaí athnuachana Gaeilge do
mhúinteoirí i 1980.



*AMÁRACH: An nuachtán seachtainiúil Gaeilge — céim ar chéim le nuacht phobal na Gaeilge.
Fairgí amach dó!

SIOPA AN PHOBAIL: Grósaeireacht, nuachtáin,
crua-earraí, búistéireacht.

GO N-ÉIRÍ GO GEAL LE HOBAIL AN

CHUMAINN FHOBBARTHA

SCÉIMEANNA SEACHTRACHA: Conraitheoireacht
ghinearálta, réiteach suíomhanna tithe, pléascadh,
scéimeanna uisce.

CCF Teo (091) 73149 CCF Teo (091) 73157 CCF Teo.

CABHRAIGH LINN TRÍ ÚSÁID A BHAINN AS ÁR
gCUID SEIRBHÍSÍ NÓ TRÍ SCAIR A CHEANNACH
I DO CHOMHARCHUMANN ÁITIÚIL FÉIN.

Níl sé ag breathnú ro-fhada roimhe ag a bpointe seo - tá sé ag díriú ar an am i láthair - ag foghlaim. Rud is cóir. Ach is spéis le daoine eile - ar nós Udarás na Gaeltachta - a thodhchaí agus tá siad ag déanamh cúraim de.

Agus tá an tUdarás ag déanamh cúraim de fhorbairt na Gaeltachta freisin, na ceantair sin a thug a ainm don Udarás, mar is ionann fostaíocht sa Ghaeltacht agus pobal beo agus cultúr beo.

Sin í an chúis go bhfuil muid ag obair i dtreo lán-fhostaíocht sa Ghaeltacht - i dTír

Chonaill, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí. Bhí 4,472 fostaithe i 1979 agus leanfaidh an figiúir ag méadú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Udaráis.

Ionann todhchaí na Gaeltachta agus a thodhchaí, a chultúr.

Cúram an Udaráis é a bhforbairt siúd.

Cúram an Udaráis freisin fostaíocht dó-sin.

Udarás na Gaeltachta
Ag obair ar son na Gaeltachta



Udarás na Gaeltachta.. Is curam linn a thodhchaí.



Arna fhoilsiú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige,
Indreabhán, agus arna phriontáil ag Clódóirí Lurgan,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe.